Comhairle an
Aontais Eorpaigh

An Bhruiséil, 8 Nollaig 2021
(OR. en)

14814/21

FISC 239
ECOFIN 1225

**TORADH NA nIMEACHTAÍ**

| | |
|---|---|
| ó: | Ardrúnaíocht na Comhairle |
| chuig: | na toscaireachtaí |
| Uimh. an doic. roimhe seo: | 14653/21 FISC 228 ECOFIN 1203 |
| Ábhar: | An Mheitheal um an gCód Iompair (Cánachas Gnó)<br>- Conclúidí ón gComhairle (an 7 Nollaig 2021) |

Gheobhaidh na toscaireachtaí, san Iarscríbhinn a ghabhann leis seo, na Conclúidí ón gComhairle maidir leis an dul chun cinn atá déanta ag an gCód Iompair (Cánachas Gnó), a d'fhormheas an Chomhairle ag an 3835ú cruinniú a bhí aici an 7 Nollaig 2021.

**Conclúidí ón gComhairle**

**maidir leis an dul chun cinn atá déanta ag an Meitheal um an gCód Iompair (Cánachas Gnó)**

**le linn Uachtaránacht na Slóivéine**

Maidir leis na gComhairle:

1. IS DÍOL SÁSAIMH DI an dul chun cinn atá déanta ag an Meitheal um an gCód Iompair le linn Uachtaránacht na Slóivéine, go háirithe maidir le hathbhreithniú a dhéanamh ar liosta an Aontais de dhlínsí neamh-chomhoibríocha chun críoch cánach i mí Dheireadh Fómhair 2021 agus an athchóiriú ar an gCód Iompair; IS DÍOL SÁSAIMH DI tuarascáil na Meithle mar a leagtar amach in 14230/21 + COR 1 + ADD 1-9 í;

2. IARRANN SÍ ar an Meitheal leanúint d'idirphlé éifeachtach leis na dlínsí agus leanúint den fhaireachán, ionas go leanfaidh na dlínsí dá ngealltanais faoi seach a chomhlíonadh agus critéir liostaithe an Aontais i gcomhréir leis na spriocdhátaí a comhaontaíodh a chomhlíonadh; TACAÍONN SÍ leis an obair ullmhúcháin arna déanamh d'fhonn measúnú a dhéanamh ar a mhéid a chomhlíonann dlínsí ábhartha critéar 3.2 maidir le tuairisciú de réir tíre i bhfianaise an nuashonraithe ar liosta an Aontais sa chéad ráithe de 2022; IARRANN SÍ ar an Meitheal gealltanais a iarraidh ar na dlínsí i gcás inarb iomchuí, agus de réir amlíne arna comhaontú ag an Meitheal;

3. IS DÍOL SÁSAIMH DI éifeacht dhearfach an Chóid Iompair agus obair na Meithle maidir le cleachtais chánach dhíobhálacha a laghdú agus maidir leis an laghdú ar chórais chánach fhabhracha a laghdú ar leibhéal an Aontais agus ar an leibhéal domhanda; IARRANN SÍ ar an Meitheal machnamh a dhéanamh ar na bealaí ina bhfeadfaí feabhas a chur ar na critéir reatha agus ar na próisis maidir le dlínsí tríú tíortha, i gcás inarb iomchuí;

4. FORMHUINÍONN SÍ an dul chun cinn a rinneadh sa Mheitheal, maidir le measúnú ar na tréimhsí neamhghníomhaíochta agus na fógraí maidir le rolladh siar agus IARRANN sí ar an Meitheal leanúint d'fhaireachán a dhéanamh ar na tréimhsí neamhghníomhaíochta agus ar chur chun feidhme an rollta siar; IS DÍOL SÁSAIMH DI an faireachán leanúnach ar éifeachtaí iarbhír na mbeart aonair;

5. IS DÍOL SÁSAIMH DI an faireachán leanúnach atá á dhéanamh ag an Meitheal ar chur chun feidhme na nótaí treorach a d’eisigh sí roimhe seo agus an dul chun cinn a rinneadh maidir le faireachán a dhéanamh ar chur chun feidhme Threoirlínte 2017 maidir le pribhléidí cánach a bhaineann le criosanna eacnamaíocha speisialta;

6. IS MÓR AICI an tuarascáil maidir le cur chun feidhme na mbeart cosanta i réimse na cánach i leith dlínsí neamh-chomhoibríocha ag na Ballstáit; IARRANN SÍ ar an Meitheal leanúint dá cuid oibre sa réimse seo, i gcomhréir leis an Treoir a comhaontaíodh, agus tuarascáil a chur faoi bhráid na Comhairle maidir le haon dul chun cinn breise a dhéantar sna hábhair sin;

7. TUGANN SÍ DÁ hAIRE an plé a rinneadh ar an idirghníomhaíocht idir liosta an Aontais de dhlínsí neamh-chomhoibríocha chun críoch cánach agus liostaí náisiúnta na mBallstát, chomh maith le hobair an Fhóraim Dhomhanda, lena n-áirítear rátálacha nua agus cinntí nua ag an bhFóram Domhanda; IARRANN SÍ ar an Meitheal leanúint den obair seo trí iniúchadh a thuilleadh conas feabhas a chur ar phróiseas liostaithe an Aontais bunaithe ar dhul chun cinn ar an leibhéal idirnáisiúnta;

8. IARRANN SÍ ar an Meitheal tuarascáil ar a cuid oibre a thabhairt don Chomhairle le linn Uachtaránacht na Fraince.